Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €2.613 milliún dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi na Polasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

***Ról an Bhoird***

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Foráiltear leis do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse agus do bhord a cheapadh a bheidh comhdhéanta d'ochtar comhaltaí agus de Phríomhfheidhmeannach ar bhonn ex officio.

I gcomparáid le feidhmeanna an Bhoird go traidisiúnta, baineann feidhmeanna reachtúla na mbord Stáit níos mó le comhairle a thabhairt agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle agus treoir a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach. De ghnáth, áirítear leo

- ionadaíocht a dhéanamh do leas na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú agus faomhadh a dhéanamh ar phleananna agus cuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach ar aghaidh
- monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus comhairle a thabhairt di maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna imeachtaí cuí athbhreithnithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dtaca le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime, agus aon chóid chleachtais chuí a n-eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí iad a chur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tairseach €1,000 i bhfeidhm maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

***Dímheas***

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Cheann ar an Oifig. Ina theannta sin, ní féidir le haon chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte (e.g. acmhainní daonna agus párolla) a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sonraí faoi thrí chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2020 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe (a bhfuil tuilleadh plé orthu sa chéad rannán eile). Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Rinne an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar chórais rialaithe inmheánaigh na hOifige. Níor sainaithníodh aon bhearnaí suntasacha, aon laigí ná aon réimsí ina raibh neamhchomhlíonadh i gceist. Rinneadh athruithe ar roinnt nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad i gceart agus obair ó chian ar siúl.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

In iniúchadh inmheánach ar Bhainistíocht Sócmhainní a rinneadh go déanach sa bhliain 2020, sainaithníodh roinnt réimsí ar féidir feabhas a chur orthu in 2021; déanfar dul chun cinn maidir leis na cinn sin a bhaineann go príomha le nósanna a dhoiciméadú láithreach bonn, agus baineann an chuid eile de na moltaí le huasghrádú ár gCórais Bainistíochta Airgeadais, atá le cur i gcrích i lár 2021. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar chuntasaíocht agus tuairisciú in 2020 chomh maith, agus cuireadh na moltaí uile i bhfeidhm, seachas an moladh a bhaineann chomh maith le huasghrádú an Chórais Bainistíochta Airgeadais.

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2020 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Shirley Comerford**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

20 Meán Fómhair 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | An Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí - athlonnú/earcaíocht/roghnú | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 16,445 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 150 | | | |
| | | | 16,595 | 13,940 | 14,810 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 16,445 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 150 | | | |
| | | | **16,595** | **13,940** | **14,810** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **154** | **312** | **253** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 16,291 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 150 | | | |
| | | | **16,441** | **13,628** | **14,557** |

**Farasbarr**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach leithreas nár caitheadh, nó cuid acu, do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt ar aghaidh chun iad a chaitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €200,000 de leithdháiltí maidir le gnéithe caipitil a bhaineann le Fotheidil v Trealamh Oifige agus seirbhísí TF seachtracha, ar aghaidh go 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 2,813,439 | 770,605 |
| Géilleadh iarchurtha | (200,000) | (150,000) |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | **2,613,439** | **620,605** |

**Shirley Comerford**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

20 Meán Fómhair 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 8,912 | 8,171 |
| Neamhphá | | 5,028 | 6,639 |
| **Ollchaiteachas** | | **13,940** | **14,810** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **312** | **253** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,628** | **14,557** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (285) | | |
| Dímheas | 200 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 12 | (73) | (18) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (92) | | |
| Méadú ar stoc | — | (92) | (43) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **13,463** | **14,496** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,849 | 3,420 |
| **Glanchostas an chláir** | | **17,312** | **17,916** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 45 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 954 | 995 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,799 | 2,361 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 22 | 19 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 29 | — |
| | | **3,849** | **3,420** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 556 | 483 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 719 | 580 |
| Stoic | 2.3 | 26 | 26 |
| Réamhíocaíochtaí | | 432 | 234 |
| Ioncam fabhraithe | | 47 | 15 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 1,895 | 93 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,119** | **948** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 215 | 77 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 321 | 270 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 2,293 | 403 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,829** | **750** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 290 | 198 |
| **Glansócmhainní** | | **846** | **681** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **846** | **681** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Feabhsú ar an léasacht | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 7,137 | 763 | 691 | 8,591 |
| Breiseanna | 144 | 141 | — | 285 |
| Diúscairtí | (208) | (529) | — | (737) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 7,073 | 375 | 691 | 8,139 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 6,763 | 654 | 691 | 8,108 |
| Dímheas don bhliain | 172 | 28 | — | 200 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (208) | (517) | — | (725) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 6,727 | 165 | 691 | 7,583 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **346** | **210** | **—** | **556** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 374 | 109 | — | 483 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 711 | 526 |
| Iarmhéid i gcuntas banc tráchtála | 7 | 54 |
| Mionairgead | 1 | — |
| | **719** | **580** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 11 | — |
| Ábhair inchaite TF | 15 | 26 |
| | **26** | **26** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fionraí tuarastail | 39 | 38 |
| Airleacain d'OOP | 1,800 | — |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 21 | 51 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 35 | 4 |
| | **1,895** | **93** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá lite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 181 | 154 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | 96 | 87 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 28 | 12 |
| Cáin bhreisluacha | 15 | 16 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 321 | 270 |
| Iarmhéid creidmheasa: fionraí | — | — |
| | **321** | **270** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 2,613 | 621 |
| Géilleadh iarchurtha | 200 | 150 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (520) | (368) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **2,293** | **403** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 719 | 580 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,895 | 93 |
| | 2,614 | 673 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (321) | (270) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | — | — |
| | (321) | (270) |
| | **2,293** | **403** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 681 | 620 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 16,441 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (200) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,613) | | |
| Glanvóta | | | 13,628 | 14,557 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 3,849 | 3,420 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (17,312) | (17,916) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **846** | **681** |

## 2.8 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 232 | 126 |
| Tionscadail chaipitil | 4,612 | — |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **4,844** | **126** |

Nóta Tá an méadú sna ceangaltais ann de bharr an tionscadail uasghrádaithe d'Áras na Caibidle; ar síníodh an conradh ina leith i mí na Nollag 2020.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh iomlán ar Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar chaiteachas riaracháin a úsáideadh ar chlár amháin: státseirbhís agus seirbhís phoiblí – athlonnú/earcaíocht/roghnú

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 8,823 | 8,912 | 8,171 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 32 | 42 | 48 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 322 | 348 | 407 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 107 | 88 | 87 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,350 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 150 | | | |
| | | | 1,500 | 1,231 | 1,320 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 2,279 | 465 | 1,508 |
| vii | Costais earcaíochta – taighde agus rialachas corparáideach | | 60 | 53 | 65 |
| viii | Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil | | 1,247 | 1,575 | 1,204 |
| ix | Costais earcaíochta – boird agallaimh | | 2,225 | 1,226 | 2,000 |
| | | | **16,595** | **13,940** | **14,810** |

**Difríochtaí suntasacha**

Léirítear anseo thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus léirítear ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €2.279 milliún; toradh €465,000*

Tharla an t-easnamh caiteachais €1.814 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall gur cuireadh moill ar na hoibreacha uasghrádaithe a bhí beartaithe don oifig.

**viii Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil**

*Soláthar meastacháin €1.247 milliún, toradh €1.575 milliún*

Tá an caiteachas breise €328,000 ann de bharr gur tháinig méadú ar an úsáid a bhaintear as tástáil agus measúnú ó chian mar fhreagairt don aistriú i dtreo na cianoibre agus chun dul i ngleic leis an méadú mór a tháinig ar líon na n-iarratas a fuarthas.

**ix Costais Earcaíochta – boird agallaimh**

*Soláthar meastacháin €2.225 milliún, toradh €1.226 milliún*

Tá an laghdú €1.029 milliún i gcaiteachas ar chostais agallaimh ann de bharr an athraithe i dtreo agallaimh ó chian a dhéanamh agus de bharr gur sábháladh airgead ar chostais lónadóireachta dá bharr, mar aon leis an méadú ar bhaill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a d'fheidhmigh mar bhaill de bhoird nuair a bhí agallaimh ar siúl ó chian. Tháinig laghdú chomh maith ar líon na mbord agus ar líon na n-agallamh a dhéantar d'fheachtais ina mbíonn líon mór iarratas mar gheall ar an athrú i dtreo agallaimh a dhéanamh bunaithe ar éileamh.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ilghnéitheach | 25 | 153 | 165 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 129 | 159 | 88 |
| | **Iomlán** | **154** | **312** | **253** |

**Difríochtaí suntasacha**

Léirítear thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €158,000 thar na meastacháin i gceist. Tá míniú ar leis na difríochtaí suntasacha leagtha amach thíos.

**1 Ilghnéitheach**

*Meastachán €25,000; réadaithe €153,000*

Tharla an méadú €128,000 den chuid is mó de bharr aisíocaíochtaí in 2020 ó chliaint as íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar a son in 2019. Áiríodh leis an tsuim sin freisin deontas €25,000 a fuarthas sa bhliain ach nár cuireadh ar áireamh sa mheastachán.

## Nóta 5 Soláthar foirne agus luach saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | **207** | **190** |

### 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 8,047 | 7,251 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 107 | 123 |
| Ragobair | 20 | 116 |
| ÁSPC an Fhostóra | 738 | 681 |
| **Pá iomlán** | **8,912** | **8,171** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht is mó is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 39 | 1 | 10,504 | 16,020 |
| Ragobair | 46 | — | 2,424 | 10,568 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 12 | 1 | 12,148 | 17,597 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €35,055 i dtáillí le ceathrar comhaltaí de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí in 2020 (2019: €35,055)

| Comhalta | Stádas | Earnáil | Caiteachas bliantúil 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|---|
| Shirley Comerford Uasal | Comhalta (Príomhfheidhmeannach) | Státseirbhíseach | — | — |
| An tUasal Tom Moran | Cathaoirleach | Iar-státseirbhíseach | 11,970 | 11,970 |
| Mary Hurley Uasal | Comhalta | Státseirbhíseach | — | — |
| An Dr Eddie Molloy | Comhalta | An earnáil phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Ann Marie Taylor Uasal | Comhalta | An earnáil phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Mary Connaughton Uasal | Comhalta | An earnáil phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| An tUasal John O'Callaghan | Comhalta | Státseirbhíseach | — | — |
| An tUasal David Cagney | Comhalta | Státseirbhíseach | — | — |
| Anne O'Connor Uasal | Comhalta | Seirbhíseach poiblí | — | — |
| **Iomlán** | | | **35,055** | **35,055** |

## 5.5 Ró-íocaíochtaí Párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 6 | 6,393 | 1,184 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 3 | 2,921 | 1,184 |